Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 20 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10038/22**

**MOG 56**
**COPS 287**
**CFSP/PESC 818**
**RELEX 839**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach leis an Murascaill |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le comhpháirtíocht straitéiseach leis an Murascaill, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHT STRAITÉISEACH LEIS AN MURASCAILL

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí mar threochlár tráthúil oibríochtúil i dtreo comhpháirtíocht straitéiseach le comhpháirtithe na Murascaille agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go pras éifeachtúil í. Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais é comhpháirtíocht straitéiseach a thógáil le Comhairle Chomhair na Murascaille agus a Ballstáit, chun rannpháirtíocht an Aontais sa réigiún níos leithne a threisiú. Féadfar rannpháirtíocht phríomhthíortha eile na Murascaille sa chomhpháirtíocht a mheas freisin de réir mar a thagann forbairt agus aibíocht ar an gcaidreamh.
2. Tá dlúthchomhar éifeachtach idir an tAontas Eorpach agus comhpháirtithe na Murascaille bunriachtanach chun príomhchuspóirí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, go háirithe réigiúin shíochánta agus rathúla na Murascaille agus an Mheánoirthir, téarnamh láidir eacnamaíoch, soláthairtí fuinnimh inbhuanaithe inacmhainne slána do thomhaltóirí na hEorpa, comhar láidir idir an Eoraip agus a comhpháirtithe maidir leis an aistriú glas, chun rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050, agus freagairt láidir a thabhairt ar riachtanais dhomhanda dhaonnúla agus forbartha.
3. Is tosaíocht straitéiseach chomhroinnte agus leas bunúsach don Aontas agus dá chomhpháirtithe sa Mhurascaill é réigiún na Murascaille a bheith cobhsaí, glas agus rathúil. Tráth seo na neamhshlándála agus na ndúshlán suntasach don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe san Eoraip agus i réigiún na Murascaille araon, agus an domhan ag tabhairt aghaidh ar iarmhairtí fhogha na Rúise ar an Úcráin, ar an téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe iar-COVID-19, ar an aistriú glas agus ar an ngéarchéim aeráide, ar an aistriú digiteach, agus ar an ngá atá le réiteach coinbhleachtaí inbhuanaithe, leagann an Chomhairle béim ar an idirspleáchas frithpháirteach agus ar an ngá atá le dlúthchomhar. De mheon na comhpháirtíochta straitéisí, beidh rathúnas agus slándáil fheabhsaithe mar thoradh ar ghníomhaíocht chomhpháirteach níos láidre lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha, agus áiritheofar gur féidir aghaidh a thabhairt go fóinteach ar dhúshláin dhomhanda agus réigiúnacha.
4. Is príomhthosaíochtaí de chuid an Aontais iad an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn agus dí-ghéarú an teannais i mór-réigiún na Murascaille agus sa Mheánoirthear trí chéile a bhaint amach agus is chun leas coiteann an Aontais agus chomhpháirtithe na Murascaille na tosaíochtaí sin. Ba cheart gach iarracht chun muinín a chothú a bheith

cuimsitheach. Is cuid lárnach den tslándáil sa réigiún í an Iaráin, cé gur foinse thábhachtach éagobhsaíochta réigiúnaí fós í an tacaíocht dhíreach agus indíreach a thugann sí do na seachvótálaithe polaitiúla agus míleata chomh maith leis an iomadú agus aistriú diúracán agus armán chuig gníomhaithe stáit agus neamhstáit. Leis na céimeanna dearfacha a tugadh le déanaí, lena n-áirítear aontacht GCC a athbhunú, na comhaontuithe maidir le normalú le hIosrael, na tionscnaimh ó thíortha CCM chun idirphlé leis an Iaráin a atosú nó a fhorbairt, agus leis an gcomhaontú a rinneadh le déanaí maidir le sos cogaidh agus maidir le bearta chun muinín a chothú in Éimin mar mhórfhorbairt, cuirtear deiseanna ar fáil do shlándáil agus do chobhsaíocht réigiúnach níos leithne. Le hathbhunú agus cur chun feidhme iomlán JCPoA, d'fhéadfaí rannchuidiú go dearfach leis an rathúnas agus leis an tslándáil réigiúnach. D'fhéadfadh sé cur chuige cuiditheach a spreagadh a thuilleadh sa réigiún chomh maith le clár a chur ar fáil d'iarrachtaí breise chun muinín a thógáil agus a chomhdhlúthú. Cé gur cheart iarrachtaí den chineál sin a bheith faoi stiúir an réigiúin féin, tá an tAontas fós faoi réir le bheith i dteagmháil leis na gníomhaithe uile sa réigiún de réir cur chuige céimnitheach cuimsitheach, le trédhearcacht iomlán agus leis an gcuspóir deiridh próiseas idirphlé a éascú lena bhféadfar cabhrú chun bearta agus socruithe a fhorbairt lena gcothófar muinín, nithe a chuirfidh le slándáil níos fearr i réigiún na Murascaille. D'fhéadfadh Comhdháil Réigiúnach Bhagdad maidir le Comhar agus Comhpháirtíocht, agus an próiseas leantach a bhaineann léi ina mbíonn an tAontas rannpháirteach, a bheith ina eiseamláir úsáideach do phróisis atá faoi stiúir réigiún. Cuireann an tAontas béim ar a thiomantas do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta a urramú, lena n-áirítear prionsabail uilíocha, amhail dea-chaidreamh comharsanachta agus réiteach síochánta ar choinbhleachtaí agus ar dhíospóidí. Is díol sásaimh don Chomhairle an togra chun Ionadaí Speisialta AE don Mhurascaill a cheapadh agus iarrann sí ar chomhlachtaí ullmhúcháin tús a chur leis an obair i ndáil leis sin.

5. Tá an Chomhairle faoi réir chun dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais muinín a chothú agus sábháilteacht agus slándáil mhuirí a chur chun cinn i mór-réigiún na Murascaille agus san idirphlé le stáit chladachúla. Ní mór Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus bunphrionsabail na saoirse loingseoireachta a urramú go hiomlán freisin. D'áireofaí leis sin comhordú agus comhar feabhsaithe idir oibríochtaí leanúnacha slándála muirí an Aontais agus na mBallstát sa réigiún, agus a sainorduithe agus a ngníomhaíochtaí oibríochtúla ar leith á n-urramú go hiomlán acu (EUNAVFOR Somalia, Oibríocht ATALANTA, agus an tionscnamh um Fheasacht Mhuirí faoi stiúir na hEorpa i gCaolas Hormuz (EMASOH) chomh maith le gníomhaíochtaí CBSC eile sa réigiún. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi agus an cinneadh gaolmhar i mí Feabhra 2022 maidir le Láithreacht Muirí Comhordaithe a bhunú san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, lena gcuirfear ardán ar fáil don obair sin. D'fhéadfaí tionscnaimh cothaithe muiníne, a fhorbrófar faoi chuimsiú ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais, a bhunú sna réimsí eile seo a leanas: ullmhacht agus freagairt maidir le tubaistí, sábháilteacht núicléach, cosc coinbhleachtaí, agus idirghabháil chomh maith leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, an chibearshlándáil agus an comhar breithiúnach agus forfheidhmithe dlí.

6. I bhfianaise ról gníomhach thíortha na Murascaille sa Mheánoirthear, san Afraic Thuaidh, i gCorn na hAfraice agus sa tSaiheil, aontaíonn an Chomhairle gur cheart don Aontas dlús a chur lena idirphlé polaitiúil déthaobhach agus lena rannpháirtíocht oibríochtúil, mar aon lena chomhar le tíortha na Murascaille sna formáidí idirnáisiúnta atá ann cheana, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid a leanas: Éimin, an Iaráic, an tSiria, an Libia, Próiseas Síochána an Mheánoirthir agus an Liobáin, mar aon leis an Afganastáin, an tSomáil, an Aetóip, an tSúdáin agus an tSaiheil. Idir an tAontas agus GCC agus a Bhallstáit, tá taithí shaibhir agus saineolas ar idirghabháil idirnáisiúnta agus ba cheart dóibh an comhar eatarthu sa réimse sin a neartú.

7. Is chun leas coiteann an Aontais agus chomhpháirtithe na Murascaille atá sé tacú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. Is mór ag an Aontas Eorpach gur vótáil Ballstáit CCSAM i bhfabhar Rúin an 2 Márta 2022 agus an 24 Márta 2022 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe lena n-éilítear go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici faoin Úcráin, agus lena n-iarrtar cosaint shibhialta agus rochtain dhaonnúil san Úcráin, chomh maith le tacaíocht dhaonnúil do dhídeanaithe ón Úcráin. Cuireann an tAontas i dtábhacht an leas comhpháirteach a thagann as sárú soiléir an dlí idirnáisiúnta atá á dhéanamh ag an Rúis a cháineadh go géar. Tá an tAontas ag brath freisin ar chúnamh ó Bhallstáit CCSAM chun cosc a chur ar dhul timpeall bhearta an Aontais a glacadh mar fhreagairt ar fhogha na Rúise faoin Úcráin. Ina theannta sin, tá imní ar an Aontas faoi bhréagaisnéis státurraithe na Rúise agus faoi ionramháil ollmhór faisnéise a úsáidtear chun údar a thabhairt leis an bhfogha míleata faoin Úcráin, agus chun tacú leis an bhfogha sin, agus chun an bonn a bhaint de sheasamh an Aontais maidir leis an tsaincheist sin. Ag féachaint d'fhorbairtí domhanda, chuir fogha na Rúise faoin Úcráin, as ar eascair an bac ar chalafoirt na hÚcráine, go mór leis an meath sa tslándáil bia i roinnt mhaith tíortha, go háirithe san Afraic agus sa Mheánoirthear.

8. Agus claochluithe leanúnacha sochaíocha agus eacnamaíocha ag tarlú i réigiún na Murascaille, cuirtear an-chuid deiseanna comhair ar fáil, lena n-áirítear maidir le cearta an duine agus dúshláin an daonlathaithe. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil sé faoi réir le tacú le comhpháirtithe na Murascaille chun an smacht reachta a neartú, agus chun go mbainfidh gach aon duine leas iomlán as a chearta sibhialta agus polaitiúla, agus as a chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Tabharfar aird ar chomhrac gach cineál idirdhealaithe, agus leanfaidh an tAontas de shaoirse reiligiúin nó creidimh a chur chun cinn agus a chosaint. Díreofar go háirithe ar chomhionannas inscne agus, maidir le mná agus cailíní, ar chur chun cinn a gcumhachtaithe agus theachtadh iomlán chearta an duine, agus díreofar freisin ar chearta an duine maidir le daoine LGBTI a chur chun cinn. Is mór ag an gComhairle an t-idirphlé maidir le cearta an duine a dhéantar le comhpháirtithe CCSAM, lena gcuirtear ardán tábhachtach ar fáil chun malartú cuiditheach a dhéanamh maidir leis an méid a leanas: cosaint agus cur chun cinn chearta an duine a neartú, an urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta, pionós an bháis a dhíothú, cosantóirí chearta an duine, cásanna

aonair, agus staid na n-oibrithe imirceacha. Ina theannta sin, is mian leis an Aontas tuilleadh plé a dhéanamh le CCSAM agus lena Bhallstáit maidir le cearta digiteacha agus cearta na meán, chomh maith le cearta an duine ar líne agus cosaint sonraí. I ndáil leis an méid sin, beidh tábhacht ag baint leis an idirphlé leanúnach le comhpháirtithe na Murascaille maidir le feabhas a chur ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán. Le forbairtí dearfacha agus cuiditheacha maidir le cearta an duine agus leis an daonlathú, dhéanfaí an acmhainneacht maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus tíortha CCSAM a neartú a thuilleadh.

9. Tugann an Chomhairle dá haire na riachtanais dhaonnúla dhomhanda atá ag dul i méid, ar dúshláin dífhasaigh iad roimh an gcóras daonnúil idirnáisiúnta. Aithníonn an Chomhairle agus is díol sásaimh di ranníocaíochtaí suntasacha déthaobhacha thíortha na Murascaille, agus molann sí do dheontóirí na Murascaille dlús a chur lena rannpháirtíocht agus lena maoiniú ilbhliantúil i dtreo córas domhanda daonnúil arna chomhordú ag na Náisiúin Aontaithe agus ghníomhaireachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus i dtreo gníomhaithe daonnúla eile. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle chun cinn urraim don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus do phrionsabail dhaonnúla, lena n-áirítear an spás daonnúil a chosaint, chun gur fusa cúnamh daonnúil a thabhairt go héifeachtach, agus molann sí do thíortha na Murascaille é sin a dhéanamh chomh maith. Tá an Chomhairle ag tnúth le cruinniú aireachta de chuid AE-CCSAM maidir le cúnamh daonnúil a bheith á eagrú in 2023.

10. Tá an Chomhairle faoi réir chun dlús a chur leis an idirphlé beartais agus leis an gcomhordú deontóirí le deontóirí na Murascaille ar an leibhéal iltaobhach, á admháil di a thábhachtaí atá an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, go háirithe laistigh d’idirphlé Arab-DAC ECFE maidir le creat um fhorbairt. Ós amhlaidh atá, tá sé ar intinn ag an Aontas dlús a chur lena chaidreamh le heagraíochtaí réigiúnacha agus le hinstitiúidí airgeadais na Murascaille, agus iarrann sé go ndéanfaí tionscnaimh chomhpháirteacha a shainaithint, lena n-áirítear trí chomhar triantánach.

11. Is dúshláin agus réimsí móra comhroinnte iad le haghaidh dlúthchomhair an t-athrú aeráide a chomhrac agus dlús a chur le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta, go háirithe i bhfianaise UNFCCC COP 27 agus COP 28 atá le reáchtáil san Éigipt agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi seach. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé iarrachtaí a chomhordú le CCSAM d’fhonn torthaí rathúla a bhaint amach ag COP27 agus ag COP28. Molann an tAontas do chomhpháirtithe na Murascaille a Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta, straitéisí fadtéarmacha maidir leis an aeráid a chur in iúl, dlús a chur le gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide agus dlús a chur leis an aistriú glas i gcomhréir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050. Trí theorainn téimh dhomhanda 1.5 °C a choinneáil, go háirithe, laghdófar freisin na riachtanais oiriúnaithe agus na caillteanais agus an dochar a thiocfaidh as an athrú aeráide ar fud an domhain, i réigiúin leochaileacha go sonrach. Thairis sin, i bhfianaise sprioc iar-2025 maidir le maoiniú aeráide agus an gá le hinfheistíochtaí ar mórscála chun neodracht

charbóin faoi 2050 agus oiriúnú aeráide leordhóthanach a áirithiú, mar aon leis an sprioc fhadtéarmach na sreabha airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an sprioc teochta agus leis an bhforbairt aeráid-díonach, molann an tAontas do chomhpháirtithe na Murascaille páirt ghníomhach a ghlacadh san Ardán Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú Inbhuanaithe. Is socruithe fiúntacha iad eagraíochtaí agus ardáin eile, amhail an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (IRENA), Tionscnamh Glas na hAraibe Sádaí, Tionscnamh Glas an Mheánoirthir, an Misean Nuálaíochta Talmhaíochta don Aeráid, agus an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán, chun gníomhaíochtaí a chomhordú i dtreo spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil sé faoi réir chun bheith ag obair go dlúth le comhpháirtithe na Murascaille d'fhonn infheistíochtaí inbhuanaithe a chruthú sa Mheánoirthear i gcoitinne, go háirithe idirnaisc bhonneagair, agus úsáid á baint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil faoina Thairseach Dhomhanda. Déanfar dlúth-rannpháirtíocht institiúidí airgeadais na hEorpa agus na Murascaille, agus na hearnála príobháidí chomh maith, a chur chun cinn trí thionscnaimh nithiúla a shainaithint.

12. Tá an dlúthchomhar idir an tAontas agus an Mhurascaill ríthábhachtach freisin chun cuspóirí uaillmhianacha bithéagsúlachta Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, i bhfianaise COP15 de chuid an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht níos déanaí i mbliana. Ina theannta sin, is tosaíocht choiteann é caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí agus acmhainní muirí, lena n-áirítear astaíochtaí ó mhuiriompar a laghdú, i bhfianaise mhéid mór na loingseoireachta i réigiún na Murascaille freisin. Is réimsí ríthábhachtacha freisin iad bainistiú dramhaíola, an geilleagar ciorclach, athchúrsáil, córais bhia atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a thógáil, fairsingiú fásaigh a chomhrac agus teicneolaíocht talmhaíochta le haghaidh aeráid thur a fhorbairt, agus ba cheart do chomhpháirtithe an Aontais agus na Murascaille saineolas a roinnt lena chéile agus oibriú i ndlúthchomhar le chéile ina leith sin.

13. Ina theannta sin, i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 agus an 31 Bealtaine maidir leis an straitéis Eorpach i leith REPowerEU agus Straitéis Rannpháirtíochta Fuinnimh Sheachtraigh an Aontais a chomhlánú, tá comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus GCC ríthábhachtach freisin i gcomhthéacs na slándála fuinnimh agus an aistrithe ghlais – ar fud an domhain agus inár réigiúin faoi seach. Mar chéad bheart lena dtabharfar aghaidh ar an dá dhúshlán sin araon, is féidir leis an Aontas agus tíortha na Murascaille araon tairbhe a bhaint as coigilteas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a ghlacadh chun déine fuinnimh a laghdú, i gcás ina bhféadfaidh tíortha de chuid an Aontais teicneolaíochtaí agus scileanna a chur ar fáil go háirithe i dtaca le stóráil agus d'iompar. Is soláthraithe iontaofa iad comhpháirtithe na Murascaille i dtaca le gás nádúrtha leachtach a chur ar margaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear ar mhargadh an Aontais, rud a bheidh ríthábhachtach sa ghearrthéarma, chun luaineacht na margaí domhanda a theorannú, agus chun aistriú rianúil a áirithiú. Is féidir leis an Aontas agus le comhpháirtithe na Murascaille oibriú as lámh a chéile chun tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an domhain maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú, rud a chuideoidh leis an earnáil ola agus gáis

a dhícharbónú. I bhfianaise na hacmhainneachta thar na bearta atá acu an t-aistriú i dtreo an dícharbónaithe a stiúradh agus a bheith ina bpríomh-onnmhaireoirí fuinnimh in-athnuaite, agus hidrigine in-athnuaite, rachadh an comhar chun tairbhe don dá thaobh. Cé go dtugann siad dá n-aire an tábhacht a bhaineann le foinsí dúchasacha fuinnimh do shlándáil an tsoláthair, ba cheart do chomhpháirtithe an Aontais agus na Murascaille féachaint conas margaí in-athnuaite hidrigine a thógáil lena bhféadfaí tíortha na Murascaille a bheith ina soláthraí iontaofa fuinnimh in-athnuaite don Aontas Eorpach amach anseo, nuair is gá, lena n-áirítear trí shaineolas a roinnt maidir le caighdeáin agus le creataí rialála agus trí thrádáil agus infheistíocht neamhshaofa a áirithiú. I bhfianaise na tábhachta a bhaineann le comhtháthú réigiúnach fuinnimh, féachfar freisin ar dheiseanna d'infheistíochtaí réigiúnacha agus don chomhar triantánach le comhpháirtithe na Murascaille, agus sin bunaithe, *inter alia*, ar an gComhpháirtíocht um Hidrigin Ghlas sa Mheánmhuir a bheidh ann amach anseo, chomh maith le tógáil ar na tionscadail atá ann cheana in Oirthear agus i nDeisceart na Meánmhara.

14. Le go bhféadfar sochar a bhaint as na deiseanna nua a ghabhann leis an aistriú glas agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leanann é agus le go bhféadfar cuspóirí comhroinnte a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr agus tionscnaimh nithiúla chomhpháirteacha a shainaithint chuige sin, formhuiníonn an Chomhairle na tograí ón gCoimisiún maidir le grúpa tiomnaithe saineolaithe AE-CCSAM um fhuinneamh agus um an aeráid a chur ar bun agus maidir le cruinnithe aireachta earnála bliantúla a thionól idir an tAontas Eorpach agus CCSAM i ndáil leis na gnéithe sin.

15. Cé go bhfuil caidreamh maith trádála idir an tAontas Eorpach agus CCSAM cheana féin, rachaidh sé chun tairbhe don dá thaobh go mbeidh caidreamh pribhléideach trádála agus infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus CCSAM, maille lena cuid ballstát. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún breathnú ar bhealaí éagsúla a bhféadfaí an chomhpháirtíocht eacnamaíoch a dhoimhniú agus an tIdirphlé Trádála agus Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus CCSAM a neartú. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle don Choimisiún dlús a chur leis an túsobair sin lena chinneadh an bhfuil na dálaí ann le go bhféadfaí teacht ar chomhthuiscint maidir le caibidlíocht ionchasach le haghaidh comhaontú saorthrádála, lena dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, amhail timpeallacht fheabhsaithe trádála agus infheistíochta, comhar rialála agus custaim, lena n-áirítear comhrac an ghóchumtha agus na smuigléireachta, chomh maith le cuspóirí forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cearta comhshaoil agus saothair. Is díol sásaimh don Chomhairle na tograí lena gcuirfear dlús leis an gcomhar réigiúnach agus trasréigiúnach maidir le heitlíocht, iarnróid, sábháilteacht mhuirí agus nascacht.

16. Réimsí eile iad an digitiú, an chibearshlándáil, an nuatheicneolaíocht, an taighde agus an fhorbairt, a bhféadfaí oibriú i gcomhar ina leith freisin, go háirithe ag féachaint do na deiseanna a ghabhann leo ó thaobh cruthú margaí nua agus cruthú post de agus i bhfianaise a mhéid a chuidíonn siad le héagsúlú eacnamaíoch agus leis an téarnamh eacnamaíoch, agus freisin leis an aistriú glas agus leis an aistriú fuinnimh agus a mhéid a chuidíonn siad le dul i ngleic le saincheisteanna domhanda sláinte. Is mórchuspóirí an chomhair idir an tAontas Eorpach agus CCSAM iad cur chuige duinelárnach agus cosanta sonraí

a fhorbairt i leith an digitithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an nascacht, forbairt bonneagair agus an t-aistriú digiteach, scileanna agus forbairt mol nuálaíochta, agus leas á bhaint freisin as bosca uirlisí 5G an Aontais. Molann an Chomhairle do Chomhpháirtithe na Murascaille a bheith páirteach san obair atá ar bun chun an athléimneacht a chothú agus freagairtí a chomhordú chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha. Den mheon céanna, molann an Chomhairle bearta a dhéanamh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis agus ar an mífhaisnéis. D'fhéadfadh cur chuige domhanda an Aontais maidir le taighde agus nuálaíocht, agus maidir leis an gclár Fís Eorpach, a bheith áisiúil chuige sin. I bhfianaise an róil ghníomhaigh a bhí ag tíortha CCSAM le déanaí i réimse an spáis, ba cheart treisiú leis an gcomhar sa réimse sin freisin, go háirithe maidir le Egnos, GPS agus Galileo.

17. Cuireann an t-oideachas, a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha na sochaí, deiseanna ar fáil do dhaoine óga agus is é atá ríthábhachtach le go mbeadh rath ar an tsochaí. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí dlús leis an gcomhar idir an tAontas Eorpach agus CCSAM i réimsí na gairmoiliúna, an oideachais agus an taighde, lena n-áirítear i gcomhthéacs an chláir Erasmus+ agus i gcomhthéacs Ghníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie, agus cláir dhéthaobhacha um chomhar ollscoileanna á gcur san áireamh freisin. Tá spéis freisin ag an Aontas dea-chleachtais a mhalartú maidir le cumhachtú daoine óga.

18. Le leathadh na n-idé-eolaíochtaí radacacha agus antoisceacha, cruthaítear an timpeallacht chuí don antoisceachas foréigneach, agus baol gníomhartha foréigneacha ann dá éis. Féadfar an rannpháirtíocht i dtaobh na frithsceimhlitheoireachta le comhpháirtithe na Murascaille a dhoimhniú i gcás saincheisteanna éagsúla amhail an t-antoisceachas foréigneach agus maoiniú an antoisceachais sin a chosc agus a chomhrac, agus déanamh amhlaidh i dtaobh na modhanna a úsáidtear lena scaipeadh ar líne agus as líne araon. Is díol sásaimh don Chomhairle a bhfuil á dhéanamh ag comhpháirtithe CCSAM i réimse na frithsceimhlitheoireachta agus cuireann sí i bhfios go láidir nach mór gach a bhfuil ar bun a bheith á dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is fiú an comhar le comhpháirtithe CCSAM a threisiú trí idirphlé agus malartú dea-chleachtas a dhéanamh go trédhearcach agus go rialta, go háirithe faoi chuimsiú na socruithe déthaobhacha comhair. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar chomhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, agus scaipthe idé-eolaíochtaí foréigneacha antoisceacha, a fhágann go mbíonn tionchar neamh-inmhianaithe coigríche ar eagraíochtaí sibhialta agus reiligiúnacha laistigh den Aontas, go háirithe trí chistiú neamh-thrédhearcach.

19. Ba cheart cur chun cinn na dteagmhálacha idir dhaoine agus go háirithe idir daoine óga a bheith i gcroílár an chomhair idir an tAontas agus CCSAM agus a cuid ballstáit. Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Chomhairle an plé leanúnach atá á dhéanamh faoin gcomhad víosaí agus thug sí dá haire an togra ón gCoimisiún maidir le tuilleadh ballstát de chuid CCSAM a dhíolmhú ón gceanglas víosa chun teacht isteach i Limistéar Schengen. Cuireann sí i dtábhacht comhleanúnachas réigiúnach sa chomhthéacs sin, agus tá sí ag tnúth le dul chun cinn sa phlé, bunaithe ar mhódúlachtaí agus ar chritéir an phróisis. Is díol sásaimh don Chomhairle gur sheol an Coimisiún plé teicniúil leis na ballstáit eile sin de chuid CCSAM, chun an cuspóir deiridh a bhaint amach, is é sin le rá go mbeadh rochtain, gan

víosaí, ag saoránaigh bhallstáit uile CCSAM, ach a gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha uile.

20. Ó tharla go bhfuil an móiminteam polaitiúil dulta i méid le déanaí, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá an t-idirphlé polaitiúil agus an comhar institiúideach idir an tAontas Eorpach agus CCSAM a neartú agus a fheabhsú a thuilleadh. Tá an dlúthchomhar agus teagmhálacha feabhsaithe ardleibhéil fite fuaite ina chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur cuireadh tús an athuair leis an gCruinniú Comhpháirteach Comhairle agus Aireachta a reáchtáil ar bhonn bliantúil agus is díol sásaimh di an togra maidir le cruinnithe aireachta earnála a eagrú lena áirithiú go gcuirfear príomhghnéithe na comhpháirtíochta nua straitéisí chun feidhme go pras, agus béim á leagan ar dtús ar an aistriú glas/athrú aeráide agus ar ghnóthaí daonnúla. Tá an Chomhairle sásta breathnú an bhféadfaí Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus CCSAM a thionól chun treoir pholaitiúil a thabhairt don Chomhpháirtíocht Straitéiseach athnuaite idir an tAontas Eorpach agus an Mhurascaill. Ó thaobh an leagan amach institiúidigh de, leis an gComhaontú Comhair idir an tAontas Eorpach agus CCSAM a tugadh chun críche i 1989, agus le gníomhaíochtaí comhpháirteacha an dá eagraíocht, lena n-áirítear an Clár Comhpháirteach Comhair 5 bliana idir an tAontas Eorpach agus CCSAM a formhuiníodh ag 26ú Comhairle Chomhpháirteach AE-CCSAM i mí Feabhra 2022, cuirtear creat ar fáil le comhpháirtíocht straitéiseach den chineál sin a fhorbairt a thuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle an moladh go n-ainmneofaí Ambasadóir an Aontais chuig GCC. Ag féachaint don chreat réigiúnach sin agus do na socruithe comhair idir SEGS agus Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha bhallstáit CCSAM, iarrann an Chomhairle freisin ar SEGS agus ar an gCoimisiún breathnú an bhféadfaí comhaontuithe déthaobhacha a chaibidil le ballstáit ar leith de chuid CCSAM. I dtaca leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur cuireadh Toscaireachtaí nua de chuid an Aontais ar bun sa réigiún.

21. Bainfidh an tAontas úsáid as a chuid uirlisí agus ionstraimí uile, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus *Global Gateway*, chun cur chun feidhme éifeachtúil, éifeachtach, pras na comhpháirtíochta straitéisí nua sin leis an Murascaill a áirithiú. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofaí go leormhaith infheictheacht na rannpháirtíochta polaitiúla agus an chomhair pholaitiúil le comhpháirtithe CCSAM, lena n-áirítear i mballstáit CCSAM agus i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, tríd an bhfor-rochtain, tionscnaimh taidhleoireachta poiblí, agus iarrachtaí comhpháirteacha institiúidí an Aontais agus na mBallstát de mheon chur chuige Fhoireann na hEorpa. Ar an gcaoi sin, iarrann sí go ndéanfar taidhleoireacht phoiblí agus cumarsáid straitéiseach an Aontais leis an Murascaill a neartú a thuilleadh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun cur le hinfheictheacht an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát sa réigiún sin.